MONEA CASTLE and DERRYGONNELLY CHURCH

Irish Translation

CAISLEÁN MHAIGH NIADH

agus EAGLAIS DHOIRE Ó gCONAÍLE

Contae Fhear Manach

Plandáil Fhear Manach

Le linn an 16ú Céad ba iad uasaicme na nGael a throid in éadan iarracht Bhanríon Eilís Éire a chur faoi smacht. Ba iad muintir Uí Néill, Uí Dhónaill agus Mhig Uidhir in Uladh Thiar a thug an troid ba fhíochmhaire thar dhream ar bith eile sa tír. Is mar leithscéal a d'úsáid an Rí Séamas Teitheadh na nIarlaí chun seilbh a ghabháil ar thalamh, agus é a thabhairt dóibh siúd a d'aontaigh le socrú agus le cur fúthu agus tacaíocht a thabhairt don éileamh ríoga. Thóg iad siúd a ghlac leis, Sasanaigh agus Albanaigh as deisceart na hAlban den chuid is mó, a d'aithin gur daonra naimhdeach a bhí thart orthu, thóg siad leasa. Léiríonn siad dúchas a dtógálaithe, ó theorainneacha trioblóideacha na hAlban áit a raibh caisleáin in úsáid go fóill go dtí páirteanna níos suaimhní de Shasana Theas áit a raibh leathnú dearcadh na hathbheochana ag cruthú faisean clasaiceach. Dá gcineál féin atá na caisleáin agus na tithe phlandála den ionchur ar leith seo. Anois níl fágtha ach ballóga, ach is iad na ballóga seo is mó a mheallann cuairteoirí chuig Uladh Thiar. Tá samplaí tábhachtacha ag Contae Fhear Manach, ar Séadchomharthaí Stairiúla roinnt acu atá faoi chúram an Stáit.

Caisleán Mhaigh Niadh

Tá Maigh ar an chaisleán plandála caomhnaithe is mó agus is fearr. Bhí an caisleán tóghta faoi 1618 ar son Malcolm Hamilton. Seasann sé ar charraig chrochta ag amharc síos ar thalamh seascainn a théann thart air go hiomlán ach ar an taobh thuaidh áit a bhfuil bealach isteach ardaithe. Léiríonn an t-oileán saorga, nó crannóg, ar an loch ar an taobh ó dheas gurbh é an limistéar seo a raibh tóir air mar thearmainn fadó. Is sampla coitianta é sna lonnaíochtaí plandála an teaglaim idir caisleán láidir agus lios, ar a dtugtar bábhún, cé gur fágadh an bábhún amach in amanna, nó gur sholáthair sé príomhchosaint do theach níos lú ná é laistigh ann. In 1919 thuairiscigh an Captaen Nicholas Pynnar, a chuir an Rialtas anonn le dul chun cinn na plandála a choiméad, thuairiscigh sé gur thóg Malcolm Hamilton 'caisleán láidir déanta as aol agus cloch' ag Maigh Niadh; chuir sé leis ag rá nach raibh bábhún leis go fóill, agus gur chóir go mbeadh ceann ann. Faoi dheireadh comhlíonadh an treoir, mar bhí an bábhún á thógáil in 1622.

Is é balla an bhábhúin an chéad chosaint a bheadh le briseadh ag an ionsaitheoir. I dtús is dócha go raibh sé 14 troithe in airde ina iomláine, agus cé go bhfuil cuid mhaith de imithe, an taobh thiar de, tá thart faoi 12 throigh in airde in áiteanna go fóill, tugann seo léiriú don chuairteoir ar an chineál constaice é. Nó ní thiocfadh an t-ionsaí seo a dhéanamh gan teacht faoi chiapadh; bheadh an t-uchtbharr pollta do lúbanna muscaeid ar mhaithe leis na cosantóirí ar an chosán ardaithe thaobh thiar. Chomh maith leis seo thiocfadh bheith faoi lámhach gunnaí ó na taobhanna

ón túr ciorlach ó na coirnéil. Tá dhá chliathán ag Maigh Niadh agus feidhmníonn an caisleán mar a bheadh an tríú ceann ann leis an cheathrú coirnéal faoina cheannas. Is minic a bhíonn díon ar na cliatháin agus chomh maith leis sin bheadh feidhmeanna acu nár bhain le cogadh. Ar na ballaí sa cheann ag an choirnéal Thiar Thuaidh ag Maigh Niadh, in aice les an gheata, tá poill chriathraithe ag cur in iúl gur úsáideadh é mar chineál de stóras nó, chomh dócha lena athrach, mar cholmlann nó 'púirín' ('doocot') mar a thugadh na tógálaithe air. Tá cruth an chliatháin thoir thuaidh neamhghnách, tá an taobh amuigh comhréidh mar a bheadh clár ann, rud nach féidir a chosaint mar chóracha cosanta. Ní bhíonn cliatháin ciorclach i bplean i gcónaí: thángthas ar shamplaí a bhí cearnógach, dronuilleogach, polagánach agus éilipseach go fiú; agus sin ráite d'fheadfadh cruth aisteach Mhaigh Niadh a mhíniú mar atógáil neamhaimsithe. Taispeánann an t-athdhéanamh an dá chliathán le pleananna ciorclacha.

Níor glacadh go raibh gá le cliathán iomlán ag an taobh thiar theas toisc suíomh láidir an chaisleáin. Ina áit sin tá bloc cearnógach soladach saoirseachta agus is dócha gurb é seo a bhí mar bhonn don túr beag, nó ar an taobh eile thiocfadh leis bheith ina chrann taca sa choirnéal don chosán uchtbhairr.

Agus an bábhún faoina smacht thiocfadh leis an ionsaitheoir aird a thabhairt ar an chaisleán féin. Trí stór ar airde le háiléir arda agus ballaí barrchaolaithe ón bhun ó thuairgnín beag atá déanta as aolchloich charbónmhar le híocleasuithe. Is léir a neart cé gur ina bhallóga atá sé; is léir a shinsearacht Albanach, leis. Tá iarsma den scáthchruth barúin a thugann an chuma shaintréitheach do chaisleáin mheánaoiseacha. Is toradh é seo ar úsáid beanna le céimeanna coirbéil, agus túiríní beaga crochta thar uillinneacha uachtaracha na mballaí ar bhealaí bracanna de chloch shnoite. Ina iomláine atá an ceann ar an taobh thoir theas, a bheag nó a mhór, agus cé gur thit a mhacasamhail ar an choirnéal thoir thuaidh is féidir codanna de a fheiceáil chomhshnaidhmthe ar bhalla an bhábhúin thios faoi; taispeántar é ina iomláine san athdhéanamh. Tá bracanna ann chomh maith ar an bhealach isteach tosaigh Mhaigh Niadh a bhfuil cáil air áit a n-éiríonn dhá thúr chiorclacha suas chuig staideanna cearnógnacha uachtaracha fiarthrasna, trí na bracanna a dhéantar an trasdul. Tá túir dá macasamhail le feiceáil, cé gur ag coirnéil urchomhaireacha den phríomhchaisleán atá siad, ag Caisleán Claypotts ar an taobh ó dheas de Dundee.

Tá an bealach isteach go dtí an caisleán, ina bhfuil píosaí de mhúnláil chlasaiceach le feiceáil, tá sé suite ar an taobh Theas den Túr Thuaidh; chlúdaigh poill mhuscaeid sa Túr theas an bealach isteach seo, agus ó phoill eile in áirse a théann trasna na bearna idir na túir ar an dara leibhéal. Thug staighre bíse nó staighre paidhce sa túr Thuaidh bealach isteach do na hurláir uachtaracha, agus óna staighrí chlúdaigh poill mhuscaeid an balla Thuaidh. Bhí trí sheomra ar urlár cruinneachánach na talún a baineadh amach trí chabhsa nach bhfuil solas ann ach sin a thagann as poill mhuscaeid spréite ar an bhalla Thuaidh. Thug an chéad seomra rochtain ar thrí leibhéal sa túr Theas; is dócha gur úsáideadh an ceann is ísle a bhí cruinneachánach agus ina raibh scoiltfhuinneog amháin mar chineál de phríosún; thiocfadh lámhach gunnaí na muscaed an balla Theas, balla bábhúin Theas agus an doras tosaigh a chosaint ó na leibhéil uachtaracha. Níos faide anonn ón seomra stórais lárnach bhí an chistin le teallach leathan ar an taobh Thoir, draein ar an choirnéal Thoir Theas le bachlú ar an taobh amuigh. Thug staighre bíse rochtain ar an Chomhchruinneán, áit a raibh fuinneoga móra le suíocháin sna finistir, le teallaigh ar na ballaí Thoir agus Thuaidh. Ar an dara hurlár bhí na seomraí leapacha agus na leithris le fánán a thagann amach go híseal ar an bhalla Thoir lasmuigh. Uair den saol bhí fuinneoga leath-dhormánta ar an bhalla Thuaidh athmhúnlaithe a thug solas isteach chuig na seomraí áiléir mar a thaispeántar san athdhéanamh.

Ghabh lucht plandaithe an caisleán láithreach i ndiaidh do lucht Mhig Uidhir é a ghabháil i 1641. Bhí sé faoi smacht ag Gustavus Hamilton, Gobharnóir Inis Ceithleann, i 1688. Is ón am seo a bhí clocha dúshraitheanna sa chuid Thiar Theas den bhábhún is dócha. Tréigthe i ndiaidh dóiteáin thart faoi 1750, tugadh an caisleán faoi Chúram Stáit i 1954.

Sean-Eaglais Dhoire Ó gConaíle
Thart faoi thrí mhilé siar ó Mhaigh Niadh díreach ó thuaidh ó Dhoire Ó gConaíle tá fothracha d'eaglais bheag dhronuilleogach a thóg plandálaí an ridire John Dunbar i 1627. Ba choitianta sa ré sin simplíocht an fhoirgnimh ach spreagtar suim ar leith sa teaglaim idir na gnéithe mall-mheánaoiseacha agus na gnéithe athbheochana clasaiceacha.

Is ón tréimhse Ghotach í an fhuinneog Thoir, le trí sholas le cinn dhéchuartha nó 'cuar cíoma'. Tá cloigtheach atá coitianta in Albain ar bhinn na heaglaise, agus faoi armas muintir Dunbar atá dátaithe agus snoite tá doras le háirse leathchiorclach agus rollóg mhúnlaithe chlasaiceach; ar gach cloch an dorais tá stoda gearrtha go suntasach le cúig ghné. Is ón Iodáil na hathbheochana ó dhúchas a thagann na gnéithe seo agus léiríonn a nochtadh san Eoraip thuaidh (m.sh. ag Caisleán Cricton Midlothian sna 1580í) leathnú ar an fhaisean ar son ailtireachta clasaicí, a thagann faoi bláth faoi dheireadh in Éirinn sa traidisiún Seoirseach. Is dócha nach bhfuil léiriú níos simplí nó níos follasaí ar fhaisean a bhí ag athrú a thug lucht plandála go hUladh ná Eaglais Dhoire Ó gConaíle.

Léitheoireacht Bhreise
Jope, E. M., 'Scottish Style Castles in the North of Ireland' in Ulster J. Archaeol. 14 (1951) 32-47.
Waterman, D. M., 'Derrygonnelly Church, Co. Fermanagh' in Ulster J. Archaeol. 34 (1971) 110-112.

Rochtain
Caisleán Mhaigh Niadh (tag: greille. H165494) míle soir ó Eaglais na hÉireann Mhaigh Niadh atá Soir ó bhóthar ó Inis Ceithleann go Doire Ó gConaíle, 6 mhíle siar ó thuaidh ó Inis Ceithleann. Sean-Eaglais Dhoire Ó gConaíle (tagairt greille. H120524) a luíonn 1⁄4 míle ó thuaidh ón bhaile ar an taobh thiar den bhóthar go Loch Éirne.

Caisleáin Plandálaithe eile faoi Cúram Stáit i bhFear Manach: Caisleán Mhic an Tuile cóngarach do chosta na hÉirne, 4 mhíle ó thuaidh ó Dhoire Ó gConaíle; Caisleán Archdale 4 mhíle siar ó Bhaile an Irbhinigh; Caisleán Balfour ag Lios na Scéithe; agus codannaS de Chaisleán Inis Ceithleann.